



Gaelcholáiste Chomáin

**Polasaí i dtaobh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (O.C.G.)
Gaelcholáiste Chomáin**

Polasaí i dtaobh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (O.C.G.) Gaelcholáiste Chomáin

Baineann an polasaí le:

Gach duine d'fhoireann múinteoireachta na scoile, baill den fhoireann choimhdeach, tuismitheoirí, daltaí agus an Bord Bainistíochta

Fealsúnacht na Scoile

Beidh na daltaí a fhreastalaíonn Gaelcholáiste Chomáin á spreagadh chun teacht in inmhe go hiomlán ó thaobh na meabhrach, na colainne, na spioradáltachta, na mothúchán agus cúrsaí sóisialta i láthair agus i dtimpeallacht ina mbraitear slán, sábháilte, fiúntach agus inarb é an gnáthrud meas a bheith ag daoine orthu féin agus ar a chéile.

Scoil chomhoideachais a fheidhmíonn faoi údarás Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma é Gaelcholáiste Chomáin atá il-sainchreidmheach agus dírithe ar an leanbh.

Féachtar le meon a chruthú lena mbaineann meas, ilchuimsitheacht, freagracht agus dúthracht i ndáil le caidreamh.

Beidh an polasaí OCG seo i bhfeidhm in éineacht leis an bPolasaí OSPS, leis an bPolasaí in aghaidh Bulaíochta agus an Polasaí maidir le hÚsáid Substaintí, an Cód Iompair agus an Polasaí maidir le Cosaint Linbh.

De réir an bhreithiúnais maidir le fiúntas a leagtar amach caighdeáin na scoile. Bíonn na caighdeáin dá réir sin ina mbonn tuisceana maidir leis an gcur chuige i ndáil le cúrsaí polasaí agus oideachais mar a bhaineann le hábhar an Chaidrimh agus na Gnéasachta.

Sainmhíniú ar Chaidreamh agus ar Ghnéasacht i gcúrsaí Oideachais

Is gnéithe bhuntábhachtacha den dea-fhorbairt shóisialta agus phearsanta sa saol ag an uile dhuine againn, agus go háirithe ag an ógánach, cúrsaí Caidrimh agus Gnéasachta. Tá an aibíocht gnéasachta a theacht chun cinn sa cholainn ar shaintréithe na hógántachta. De shaintréithe an ré seo i bhforbairt an duine freisin an chéad chaidreamh le buachaill/cailín suntasach a chothú, tarraingt ghnéasach a bhrath den chéad uair agus dul trí thús nó deireadh an ghrá. Tá i bhfad níos mó saoirse agus freagrachta i gceist agus éagsúlacht mhearaitheach teachtaireachtaí le tabhairt faoi deara maidir le cúrsaí gnéasachta, ceisteanna maidir le claonadh gnéis agus an tábhacht atá le cúrsaí gnéasachta sa saol phearsanta agus sa saol sóisialta. Éilítear, mar chuid den fhorbairt ghnéasach, cíoradh criticiúil a dhéanamh ar réimse leathan eolais, tuairimíochta, dearcaí agus luachanna a thagann sa mhullach ar an ógánach.

Trí chur leis an obair a dhéantar i rith na bunscolaíochta, féachtar leis an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) ar leibhéal na hiarbhunscolaíochta le deiseanna a thabhairt don ógánach foghlaim faoi chaidreamh agus faoi ghnéascacht ar bhealaí a fhágann ar a gcumas smaoineamh agus feidhmiú ar bhealach morálta, cásmhar, cúramach. Próiseas forbartha trí fhoghlaim ó thaithí atá ann ina nglacann na daltaí páirt ionas go gcothaítear meon tairbheach ina leith féin agus i leith dhaoine eile go háirithe maidir le cúrsaí gnéasachta agus caidrimh.

Polasaí arna fhorbairt i gcomhréir le Caibidil 2 (Treoirlínte 2017) i nGnáis na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cosaint Linbh i scoileanna Iarbhunscolaíochta.

OCG Cuspóirí agus Aidhmeanna

Cuspóirí

- cuidiú le daoine óga tuiscint a fháil ar chairdeas agus ar chaidreamh eile agus iad a chothú
- tuiscint ar chúrsaí gnéasachta a chothú
- meon tairbheach i ndáil le gnéasacht an duine féin a chothú agus i ndáil leis an gcaidreamh le daoine eile
- eolas agus meas ar chúrsaí athghiniúna a chur chun cinn
- a chur ar chumas dhaoine óga meon agus dearcadh i leith a gcuid gnéasachta féin a thabhairt chun cinn taobh istigh de chreachóras moráltachta, spioradáltachta agus sóisialta.

Aidhmeanna

Ba chóir go gcuirfeadh an cúrsa OCG ar chumas an dalta:

- an tuiscint agus na scileanna is gá a fháil ionas gur féidir cairdeas agus caidreamh den rath a chothú
- tuiscint thairbheach a fháil ar an bhféinmheas agus na scileanna maidir le féinmheas a chothú a fhorbairt
- a theacht ar an eolas faoin réimse bealaí ina dtagann daoine in inmhe agus chun aibíochta go háirithe agus iad ina n-ógánaigh agus meas a chothú ar an difríocht atá idir daoine éagsúla
- fiseolaíocht an duine a thuiscint i ndáil go háirithe le timthriall na hathghiniúna, torthúlacht an duine agus ionfhabhtú gnéas-tarchurtha
- forbairt agus féinaitheantas gnéasachta a thuiscint agus gnéithe den ghnéasacht a chíoradh lena n-áirítear tionchar ó steiréitíopáil rólanna gnéis, ceisteanna inscne agus gnéithe den chultúr ar chúrsaí gnéasachta
- fiúntas shaol an teaghlaigh a bhrath agus an fhreagracht a ghabhann le tuismitheoireacht a thuiscint
- straitéisí a fhorbairt maidir le cinntí agus gníomhartha a thagann le macántacht morálta pearsanta agus meas ar chearta agus ar dhínit dhaoine eile
- scileanna a fhorbairt maidir le plé le brú ó lucht comhaoise, le coimhlint agus le bagairt don tsábháilteacht phearsanta

Tá roinnt de na haidhmeanna seo a gcuirtear bonn treise fúthu leis an gClár OSPS agus leis an gcuraclam níos ginearálta a theagasctar sa tSraith Shóisearach ar scoil.

Scóip

Tá feidhm leis an bpolasaí maidir le gach gné den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta.

Tarlaíonn plé ar chúrsaí Caidrimh agus Gnéasachta i ranganna eile seachas ranganna OSPS/OCG; is den tábhacht dá réir sin go mbíonn na múinteoirí eolach ar fad ar an bpolasaí OCG.

Baineann an polasaí le foireann na scoile, leis na daltaí, leis an mBord Bainistíochta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le cainteoirí cuairte agus le háisitheoirí seachtracha.

An Soláthar Reatha sa Scoil

I nGaelcholáiste Chomáin, is faoi scáth an ábhair Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa tSraith Shóisearach a tharlaíonn an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim maidir le OCG. Tá rang amháin gach seachtain dáilte do OSPS. Tá ábhair eile ina gcuidítear le gnéithe den chlár ó am go chéile. Áirítear orthu sin an Eacnamaíocht Baile, Eolaíocht agus Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil. Ag an leibhéal sinsearach, ta múinteoireacht agus foghlaim maidir le OCG, soláthraithe i rang 40 nóiméad gach seachtain i rith an scoilbhliain.

Cúrsaí bainistíochta agus eagrúcháin maidir le OCG sa scoil

An Príomhoide a dhéanfaidh socruithe maidir le múineadh an chlár agus baill foirne a cheapadh i mbun an chúraim. Déanfaidh na múinteoirí de réir na dtreoirilínte agus na bpleananna ceachta a leagann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) amach.

Beidh OSPS ar an tráthchlár ag Ranganna na Sraithe Sóisearaí ar feadh ar a laghad aon rang amháin 40 nóiméad in aghaidh na seachtaine agus cuirfear rang maidir leis an gclár OSPS sin i leith OCG chomh maith le haon rang amháin in aghaidh na seachtaine i rith théarmaí na Sraithe Sinsearaí.

Ceisteanna maidir leis an Seomra Ranga

Rannpháirtíocht

Tá OSPS ina chuid den réimse Folláine ar Churaclam na Sraithe Sóisearaí agus freastalaíonn gach dalta aon rang amháin in aghaidh na seachtaine de ranganna OSPS. Is modúl amháin den chlár an t-Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).

- Is cóir Tuismitheoirí / Caomhnóirí a chur ar an eolas faoin bpolasaí maidir le OCG ón tráth a gcláraítear an dalta agus beidh an polasaí OCG curtha ar fáil ar suíomh gréasáin na scoile www.gcr.ie
- Cé go bhfuil páirtnéirí uile phobal na scoile – an fhoireann múinteoireachta, na tuismitheoirí agus an lucht bainistíochta aontaithe maidir leis an gclár, tuigtear os a choinne sin go bhfuil de cheart ag aon tuismitheoir / caomhnóir a iarraidh nach mbeadh mac / iníon dá c(h)uid páirteach sa chlár. Beidh aird ag an scoil ar rogha an tuismitheora / caomhnóra ina leithéid sin de chás. Sa chás go dtarraingítear daltaí amach as an rang OCG, ní féidir freagracht ar bith a leagan ar an scoil maidir le haon leagan den ábhar ranga a chuirfeadh daltaí eile in iúl dóibh. Ní mór do Thuismitheoirí / Caomhnóirí ar mian leo mac nó iníon dá gcuid a tharraingt amach caidreamh a dhéanamh ar an gcéad dul síos leis an bPríomhoide / Leas-Phríomhoide. Más mian leis an tuismitheoir nó caomhnóir i gcónaí, tar éis an cheist a phlé leis an bPríomhoide / Leas-Phríomhoide, an leanbh a tharraingt amach as an rang OCG, ba chóir an t-iarratas ina leith sin a dhéanamh i scríbhinn leis an

bPríomhoide / Leas-Phríomhoide i rith mhí Meán Fómhair gach bliain nó beidh an dalta páirteach sna ranganna OCG. Ní mór do Thuismitheoirí /Caomhnóirí a mhíniú cén bhealach a mbeadh oideachais OCG soláthraithe sa bhaile, tar éis plé leis an bPríomhoide / Leas-Phríomhoide. Féach ar aguisín 1.

- Dá mbeadh aistarraingt an scoláire ón gclár OCG ceadaithe, ní mór leis an dTuismitheoirí / gCaomhnóirí soláthar a dhéanamh chun an scoláire a bhailiú, aire a thabhairt do/dí don rang sin agus iad a thabhairt ar ais ar scoil do gnáth rang scoile eile an lá sin.

Ceisteanna a Fhreagairt

Cé gur tábhachtach an rud timpeallacht a chruthú maidir le OSPS / OCG inar féidir le daltaí ceisteanna a phlé go hoscailte, ní móide gur féidir le múinteoir freagra a thabhairt ar gach ceist a chuirtear agus ní mór teorainneacha oiriúnacha a leagan síos. Ní thabharfaidh múinteoir freagra sa rang ar cheist mhí-oiriúnach.

D'fhéadfadh go gcuirfeadh dalta ceist faoi ábhar nach dtagann faoi scáth an churaclaim. Maidir le ceist den sórt sin agus le gach ceist eile, ba chóir do mhúinteoirí déanamh de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, le haird ar aois na ndaltaí chomh maith le haibíocht mhothúchánach an dalta, an Curaclam OCG agus polasaí OCG na scoile.

Bainistíocht maidir le Faisnéis

Tá de pholasaí ag an scoil, sa chás go líomhnaítear leis an múinteoir go bhfuil drochíde (de réir mar a shonraítear in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí) á imirt ar dhalta nó go síleann an múinteoir go bhféadfadh a leithéid sin, go ndéanfaidh an múinteoir ar an gcéad dul síos an t-ábhar amhrais sin a chur in iúl don Phríomhoide / Teagmhálaí Ainmnithe (TA) nó, i gcásanna eisceachta, do Chathaoirleach an Bhoird.

Socróidh an Príomhoide / TA más ceart na tuismitheoirí / caomhnóirí agus / nó údaráis chuí a chur ar an eolas agus d'fhéadfadh go ndéanfaí socruithe maidir le comhairleoireacht. Cé nach bhfuil aon dualgas faoin dlí ar mhúinteoir ná ar Príomhoide / TA na tuismitheoirí / Caomhnóirí a chur ar an eolas faoi nithe a d'inis leanbh dóibh:

- Níor cheart do mhúinteoirí rúndacht iomlán a ghealladh
- Ba chóir a thabhairt le tuiscint do dhaltáí go mb'fhéidir go gcuirfeadh an Príomhoide ar an eolas faoi eachtra agus go bhféadfadh go gcuirfí Tuismitheoirí / Caomhnóirí ar an eolas faoi más é tuairim an Phríomhoide gurb é sin leas an dalta
- Ní mór do mhúinteoirí é a chur in iúl go soiléir do dhaltáí nuair a fhágann ábhar an chomhrá nach féidir é a choinneáil faoi rún - is féidir leis an dalta ansin a shocrú an leanfar den chomhrá nó nach leanfar.

Sa chás go gcuirtear an scéal in iúl don Phríomhoide / TA agus go mbíonn seisean nó sise den tuairim, ar chomhairle a ghlacadh, go bhfuil cúiseanna réasúnta leis an amhras nó leis an líomhain, ba chóir tuairisc a chur chuig FSS mar a leagtar amach i bpolasaí na scoile maidir le Cosaint Linbh agus i gcomhréir le Níosanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna um Chosaint Leanaí in Iarbhunscoileanna

Cuirfidh an Príomhoide tuairisc chuig an mBord Bainistíochta faoi réir alt 4.3 i Níosanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna um Chosaint Leanaí in Iarbhunscoileanna.

Is den bhunriachtanas ó thús go deireadh go gcoinnítear an cás faoi rún docht agus nach ndéantar a phlé ach amháin idir na páirtithe thuasluaite.

Aoichainteoirí ón Taobh Amuigh

Tugtar cuireadh ó am go chéile d'aoichainteoirí seachtracha labhairt leis na daltaí faoi cheisteanna áirithe i ranganna OSPS i nGaelcholáiste Chomáin. Tugtar aird chun na dTreoirínte maidir le cuairteoirí i seomraí ranga OSPS i gCiorclán 0043/2018 a leanúint

- Cé go bhféadann fiúntas faoi leith maidir leis an gClár OSPS a bheith le cuairteoirí sa seomra ranga, is ar an múinteoir atá an fhreagracht ar fad maidir leis an gclár a chur i gcrích. Moltar, mar gheall air sin, go bhfanann an múinteoir OSPS leis an ngrúpa ranga le linn do chuairteoirí / Gníomhaireachtaí seachtracha a bheith ar cuairt ag rang mar chuid den chúrsa OSPS.
- Ní mór aontú an Phríomhoide agus/nó aontú ón meitheal sinsearach bainistíochta roimh ré le cuairteoirí/aoichainteoirí.
- Cuirfear cóip den pholasaí OCG chuig gach chuairteoir roimh a chuairt chuig an scoil.

Gníomhartha Gnéis

Ba chóir do mhúinteoirí, nuair a bhítear ag trácht ar ghníomhartha gnéis, déanamh de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, le haird ar aois na ndaltaí chomh maith le haibíocht mhothúchánach an dalta, an Curaclam OCG agus polasaí OCG na scoile. Moltar go gcuirfeadh múinteoirí na daoine óga ar an eolas faoin aois toilithe, seacht mbliana déag i gcás na bhfear, na mban, na homaighnéasach agus na heitrighnéasach araon ó ritheadh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006.

Pleanáil Clainne

Luaitear sna Treoirínte maidir leis an gCuraclam OCG gur chóir Pleanáil Clainne a phlé ar na hábhair a thagann i gceist leis an gclár OCG don tSraith Shinsearach. Éilítear leis an gClár OCG go dtugtar eolas ar mhodhanna frithghiniúna do dhaoine óga. Ba chóir do mhúinteoirí, nuair a bhítear ag trácht ar phleanáil clainne, déanamh de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, le haird ar aois na ndaltaí chomh maith le haibíocht mhothúchánach an dalta, an Curaclam OCG agus polasaí OCG na scoile.

LADTI+ (Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha, Idirghnéasach)

Ní chuireann na múinteoirí aon stíl mhaireachtála amháin chun cinn arna leagan amach ar an aon stíl mhaireachtála a bheadh inghlactha sa saol agus is nádúrtha agus is cinnte dá réir sin go dtarlóidh plé ar cheisteanna LADTI i rith chlár gnéasoideachais. Tá claonadh gnéis ar cheann de na hábhair a thagann faoi scáth na dTreoirínte maidir leis an gCuraclam OCG san iarbhunscolaíocht.

Ba chóir do mhúinteoirí, nuair a bhítear ag trácht ar cheisteanna maidir le claonadh gnéis, déanamh de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, le haird ar aois na ndaltaí chomh maith le haibíocht mhothúchánach an dalta, an Curaclam OCG agus polasaí OCG na scoile. Mar a chéile le gach

grúpa eile a thagann faoi scáth dhlí an Chomhionannais agus dhlíthe in aghaidh idirdhealaithe, is féidir cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí oiriúnacha, arna roghnú go cúramach, chun labhairt leis na daltaí. Beidh cuimsiú LADTI+ go follasach sa scoil.

Ionfhabhtú Gnéas-tarchurtha

Cothaítear aird agus tuiscint ar Ionfhabhtú Gnéas-tarchurtha (IGT) sna scoileanna dara leibhéal. Sa tsraith shinsearach den chuid is mó a phléitear le heolas maidir le IGT. Ba chóir do mhúinteoirí, nuair a bhítear ag trácht ar cheisteanna maidir le hionfhabhtú gnéas-tarchurtha, déanamh de réir a mbreithiúnais ghairmiúil, le haird ar aois na ndaltaí chomh maith le haibíocht mhothúcháinach an dalta, an Curaclam OCG agus polasaí OCG na scoile.

Riachtanais Oideachais Breise

D'fhéadfadh go mbeadh gá ag daoine óga le riachtanais breise seachas daoine eile ag déileáil le gnéithe fisiciúla agus mothúcháin den teacht in inmhe. Tabharfar cabhair trí idirdhealú agus déanfar gach múinteoir iarracht chun a gceachtanna a idirdhealú chun a bheith ionchuimsitheach do riachtanais gach scoláire.

An Ceangal le Polasaithe eile de chuid na Scoile

Ba chóir, le linn polasaithe de chuid na scoile a thabhairt faoi iniúchadh nó faoi athbhreithniú, iad a mheas i ndáil le Polasaí OCG na scoile; ní mór, an tráth céanna, a gciallaíonn polasaithe eile don pholasaí OCG a thabhairt san áireamh, na polasaithe seo a leanas san áireamh:

- An Polasaí maidir le Cosaint Linbh
- Plean Treorach na Scoile 2017
- An Polasaí in aghaidh Bulaíochta
- An Polasaí maidir le hÚsáid Substantí
- An Polasaí TEC agus Úsáide Inghlactha
- Polasaí Iompar
- Polasaí RGSC
- Polasaí OSPS

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá múinteoir ceaptha ag an bPríomhoide chun OSPS a mhúineadh i nGaelcholáiste Chomáin. Cuireann an tSeirbhís Tacaíochta OSPS oiliúint go leanúnach ar mhúinteoirí maidir le OSPS agus OCG. Is féidir le baill den fhoireann freastal ar oiliúint inseirbhíse más gá.

Acmhainní

Ceannóidh an scoil ábhar teagaisc cuí maidir le OCG a bhfuil tugtha faoi deara ag an bhfoireann go bhfuil tairbhe astu agus a bhfuil a gceannach aontaithe ag an bPríomhoide taobh istigh den ghnáthchóras buiséid agus de réir mar atá acmhainní ginearálta airgid ar fáil chuige sin.

Measúnú

Déanfar measúnú trí measúnú foirmitheach, go hairithe laistigh den rang. Anois is arís bíodh measúnú suimitheach ann de réir mar is gá i topaicí éagsúla m.sh. Orgain Gnéasach srl.

Monatóireacht maidir leis an bpolasaí

Déanfar monatóireacht maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí OCG ag cruinnithe na roinne an OSPS/OCG agus ag cruinnithe eile a measann an Príomhoide nó an Bord Bainistíocht gur chóir sin a dhéanamh lena linn. Go gearrthéarmach, beidh athbhreithniú á dhéanamh gach dhá bhliain.

Athbhreithniú ar an gClár OCG

Déanfaidh an scoil athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach dhá bhliain. Sula ndéanfar an t-athbhreithniú, le múinteoirí, tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta san áireamh, cuirfear deis do na scoláirí chun a aiseolais a bheith mar chuid den athbhreithniú. Cuirfear guth an scoláire san áireamh dá mbeadh sé indéanta.

Cuirfear aon athrú ar an bpolasaí in iúl do na geallsealbhóirí go léir agus foilseofar an polasaí uasdátaithe ar suíomh gréasáin na scoile.

Dearbhú

Tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar fad, le comhaltaí an Bhord Bainistíochta, leis na Tuismitheoirí agus le Comhairle na nDaltaí a rinneadh an Polasaí seo de chuid Ghaelcholáiste Chomáin a leagan amach. Moltar an polasaí a thabhairt faoi athbhreithniú faoi cheann trí bliana nó tráth ar bith a measann Bainistíocht na Scoile gur gá sin. D'aontaigh Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Chomáin an polasaí ar:

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 12-10-2021

Aguisín 1: Litir Tuismitheora maidir le OSPS/ OCG

Re: SPHE and RSE Programme

Dear Parent/Guardian,

I am writing to inform you about the Social, Personal and Health Education Programme which is a core part of the national school curriculum. S.P.H.E. provides a unique and exciting opportunity for students to develop skills and competence, to learn about themselves and others and to make informed decisions about their health, personal lives and social development.

Relationship and Sexuality Education (RSE) is one module within the S.P.H.E. curriculum. It is a developmental process through which pupils participate in order to cultivate a healthy attitude towards themselves and others, particularly in the area of sexuality and relationships. One timetabled period per week is allocated to S.P.H.E. and out of the S.P.H.E. Programme in the year; six timetabled periods will be assigned to Relationships and Sexuality Education. This module will be taught to all year groups from first to sixth year. A complete breakdown of the S.P.H.E. curriculum, which includes comprehensive details on the RSE module, is available for your information on <http://www.sphe.ie/resources.aspx>.

As you are the primary educators of your children, we recognise the right of any parent/guardian who so wishes to request that his/her son/daughter should not participate in the programme. The school will respect this choice. Where students are withdrawn from RSE, the school cannot take responsibility for any versions of class content passed on to them by other students. Any Parent/Guardian who wishes to withdraw his/her son/daughter must contact the Principal to make their wishes known. This request should be made in writing before the 1st of September in order to

allow for the provision of removal, supervision and return of these students by you their parent/guardian to the school on that day otherwise the student will take part in the RSE classes.

Please feel free to contact the school to discuss this matter.

Le gach dea-ghuí,

Jason Ó Mongáin

Príomhoide